



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA 2007**

**FISIC AGUS CEIMIC – GNÁTHLEIBHÉAL**

**Dé Luain 18 Meitheamh – Maidin 9:30 go 12:30**

---

Sé cheist a fhreagairt.

Freagair **trí** cheist ar bith as **Roinn I** agus **trí** cheist ar bith as **Roinn II**.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Maidir le gach roinn, ámh, dálifear marc amháin sa bhreis i gcás gach aon cheann den chéad dá cheist ar gnóthaíodh na marcanna ab airde iontu.

---

## ROIINN I – FISIC (200 marc)


1. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas, (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Biodh do chuid freagraí gearr.*

- (a) Ritheann capall ar cosa in airde ar luas tairiseach  $10 \text{ m s}^{-1}$ . Ríomh an fad a thaistil an capall in dhá nóiméad.
- (b) Cad é an t-aonad *oibre*?
- (c) Cóipeáil agus comhlánaigh an ráiteas seo a leanas de *dhlí Boyle*:  
“Ag teocht tairiseach, tá . . . . . mais áirithe gáis  
comhréireach go hinbhéartach lena. . . . .”
- (d) Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann leis an *ngásteirmiméadar toirt-tairiseach*.
- (e) Cén cineál lionsa a úsáidtear i ngloine formhéadúcháin mar a thaispeántar i bhFíor 1?
- (f) Is cuid den speictream leictreamaighnéadach í radaíocht infridhearg. Ainmnigh cuid **amháin** eile den speictream leictreamaighnéadach.



Fíor 1

- (g) Cad is brí le *spré* solais bháin?
- (h) Tabhair sampla **amháin** d'fhadtonn.
- (i) I bhFíor 2 taispeántar sféar, a bhfuil lucht deimhneach aige. Dén cóip den léaráid agus taispeán an réimse leictreach timpeall ar an sféar.
- (j) Ríomh líon na n-aonad (kWh) a úsáideann cithfholcadh leictreach 8 kW in achar 6 nóiméad.



Fíor 2

- (k) Cén fheidhm atá ag fiús i gciорcad leictreach?
- (l) Ainmnigh feiste **amháin** a bhaineann úsáid as clochladán.
- (m) San iarmhaint fhótaileictreach, cad a scaoiltear ó dhromchla miotail?
- (n) Cad is brí le *leathré* substainte radaighníomhaí?
- (o) Ainmnigh an cineál imoibrithe núicléigh a tharlaíonn sa ghrian.


(11 × 6)

2. (a) Sainmhínigh (i) *treolus*, (ii) *móiminteam*. (12)

Luagh prionsabal *imchoimeádta an mhóimintim*. (9)

I rith comórtas oighear-scátála, gluaiseann scátálaí de mhais 75 kg ar treolus  $4 \text{ m s}^{-1}$ .

Imbhuaileann sé lena chomhpháirtí de mhais 55 kg atá ar fos. Ansin gluaiseann an bheirt scátálaithe le chéile i líne dhíreach mar a thaispeántar i bhFíor 3.



Fíor 3

Riomh:

- (iii) an móiminteam tosaigh ag gach scátálaí;  
 (iv) treolus na scátálaithe agus iad ag gluaiseacht le chéile. (12)

- (b) Luagh prionsabal *imchoimeádta an fhuinnimh*.

Cad is brí le *fuinneamh poitéinsiúil*? (15)

Titeann carraig, de mhais 25 kg, ó bharr aille atá 60 m ar airde.

Riomh fuinneamh poitéinsiúil na carraige sula dtiteann sí. (9)

Athraíonn fuinneamh poitéinsiúil na carraige agus í ag titim.

Mínigh cén fáth a n-athraíonn fuinneamh poitéinsiúil na carraige.

Cá fhad a bheidh an charraig tite nuair is ionann a fuinneamh poitéinsiúil agus leath a bhunluach? (9)

[**luasghéarú de bharr domhantarraingthe,  $g = 9.8 \text{ m s}^{-2}$** ]

3. Luagh *dlíthe fhrithchaitheamh an tsolais*. (12)

Nuair a fhéachann tú ar scáthán plánach, feiceann tú íomhá fhíorúil.


Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Tabhair airí **amháin** eile den íomhá i scáthán plánach. (15)

I bhFíor 4 taispeántar ga solais ag druidim le scáthán plánach.

Déan cóip den léaráid agus taispeáin conair an gha fhrithchaite. (9)

Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as scáthán plánach. (3)




Fíor 4

Déan cur síos ar thurgnamh chun fad fócasach scátháin chuasaigh a thomhas. (12)

I bhFíor 5 taispeántar biorán atá lonnaithe 6 cm os comhair scátháin chuasaigh a bhfuil fad fócasach 4 cm aige.

Faigh fad a íomhá ón scáthán cuasach. (9)

Tabhair **dhá** airí d'íomhá an bhioráin. (6)



Fíor 5

4. (a) Mínigh na téarmaí (i) *teas*, (ii) *teocht*. (12)  
 Dén cur síos, le cabhair léaráide, ar theirmiméadar mearcair. (9)  
 Luagh an t-airí teirmiméadrach is bun leis an teirmiméadar mearcair. (6)  
 Ainmnigh **dhá** scála teochta. (6)
- (b) Luagh **dhá** fhoshuíomh a bhaineann le *teoiric chinéiteach na ngás*. (12)  
 Cad is brí le brúnghluaisne? (9)  
 Déan cur síos ar thurgnamh chun brúnghluaisne a thaispeáint. (12)


5. (a) Baintear úsáid as na téarmaí seo a leanas nuair a luaitear *dlí Ohm*:

seoltóir	voltas	teocht	sruth
----------	--------	--------	-------

Cóipeáil agus comhlánaigh *dlí Ohm* leis na téarmaí seo thuas,  
 “Tá an ..... trí ..... comhréireach leis  
 ..... idir na foircinn ag ..... tairiseach.” (9)

I bhFíor 6 taispeántar ciorcad le dhá fhriótóir  $4 \Omega$  sraithcheangailte le soláthar 12 V s.d.

- Cad dó a seasann s.d.? (3)  
 Ríomh friotaiocht iomlán an chiorcad. (6)  
 Bain úsáid as dlí Ohm agus ríomh an sruth sa chiorcad. (9)  
 Ainmnigh feiste **amháin** a úsáidtear chun voltas (difríocht poitéinsil) a thomhas. (6)



Fíor 6


- (b) Conas a thaispeánfá go bhfuil réimse maighnéadach timpeall ar sheoltóir a bhfuil sruth á iompar aige? (12)

I bhFíor 7 taispeántar corna sreinge agus sruth á iompar aige.

Cóipeáil an léaráid agus tarraing sceitse de phatrún an réimse mhaighnéadaigh timpeall ar an gcorna. (9)

Tabhair slí **amháin** chun neart an réimse mhaighnéadaigh timpeall ar an gcorna a *mhéadú*.

Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as réimse maighnéadach timpeall ar chorna. (12)



Fíor 7

6. Freagair **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c) agus (d). Gabhann 33 marc le gach ceann díobh.

(a) Cad is brí le *luasghéarú*? (6)

Luaigh ceann **amháin** de dhlíthe gluaisne Newton. (9)

Gluaisteán a bhfuil mais 1200 kg ann, méadaíonn sé ar a threolus ó  $2 \text{ m s}^{-1}$  go  $20 \text{ m s}^{-1}$  i 6 shoicind.

Ríomh:

- (i) luasghéarú an glluisteáin;
- (ii) an fórsa a dhéanann an gluaisteán a luasghéarú;
- (iii) an fad a thaistil an gluaisteán sna 6 shoicind. (18)

(b) Tarlaíonn díraonadh nuair a théann solas monacrómatach trí scoiltní caola.

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)

Cuireadh turgnamh i gcrích chun tonnfhad solais mhonacrómataigh a thomhas.


Tarraing léaráid lipéadaithe den ghaireas a úsáideadh.

Cad iad na tomhais ba chóir a thaifeadadh le linn an turgnaimh? (21)

(c) Sainmhínigh *toilleas*. (6)

I bhFíor 8 taispeántar toilleoir plátaí comhthreomhara agus é ceangailte le ceallra.

Déan cóip den léaráid chun dáileadh na luchtanna ar phlátaí an toilleora a thaispeáint. (6)



Fíor 8

Tabhair slí **amháin** inar féidir toilleas an toilleora a athrú. (6)

Ríomh toilleas éifeachtach an dá thoilleoir  $4 \mu\text{F}$  nuair atá siad

(i) sraithcheangailte, (ii) treocheangailte. (9)

Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as toilleoir. (6)

(d) Astaítear radaíochtaí alfa, béite agus gáma ó shubstaintí radaighníomhacha.

(i) Cé acu radaíocht ar leictreoin atá intí?

(ii) Cé acu radaíocht a bhfuil an raon is giorra san aer aice?

(iii) Cé acu radaíocht a rachaidh trí bhileog thiubh alúmanaim? (15)

Liostaigh **dhá** úsáid a bhaintear as substaintí radaighníomhacha. (9)

Tabhair **dhá** réamhchúram nuair a bhíonn substaintí radaighníomhacha á n-úsáid. (9)

## ROINN II – CEIMIC (200 marc)


7. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas, (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*

- (a) Tarraing sceitse de *p-fhithiseán*.
- (b) Cén dúil a seasann an chumraíocht leictreonach seo a leanas di:  $1s^2$ ?
- (c) Tabhair airí **amháin** atá ag comhdhúil ina bhfuil *nascadh ianach*.
- (d) Cén cineál nasctha atá ann *idir* mhóilíní uisce?
- (e) Is é 28 an mhais mhóilíneach choibhneasta ag gás nítrigine ( $N_2$ ).  
Ríomh líon na móilíní i 56 g de ghás nítrigine.  
**[tairiseach Avogadro =  $6.0 \times 10^{23} \text{ mol}^{-1}$ ]**
- (f) Ríomh an céatadán ocsaigine, de réir maise, in uisce ( $H_2O$ ).  
**[O=16; H=1]**
- (g) Cad is brí le himoibriú *eisiteirmeach*?
- (h) Sainmhínigh *teas déanmhaíochta* comhdhúile.
- (i) Cad é an **pH** atá ag tuaslagán **0.05 M** d'aigéad nítreach ( $HNO_3$ )?
- (j) Cé acu **ceann amháin** de na hocsádí seo a leanas atá amfaiteireach?  
**Na<sub>2</sub>O      CO<sub>2</sub>      Al<sub>2</sub>O<sub>3</sub>**
- (k) Tabhair airí sainiúil **amháin** atá i bpáirt le chéile ag dúile trasdultacha.
- (l) Cóipeáil, comhlánaigh agus cothromaigh an t-imoibriú seo a leanas:  
**CaCO<sub>3</sub> + HCl → CaCl<sub>2</sub> + \_\_\_\_\_ + \_\_\_\_\_**
- (m) Sainmhínigh *ocsaídiú* i dtéarmaí traschur leictreon.
- (n) Tabhair úsáid **amháin** atá ag aigéad eatánóch (aicéiteach).
- (o) Ainmnigh an chomhdhúil a thaispeántar i bhFíor 9.



(11 × 6)


8. (a) Tá uimhir pheiriad shainiúil agus uimhir **ghrúpa** shainiúil ag gach **dúil** sa tábla peiriadach.  
 Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)  
 Cad is brí le *fuinneamh céadianúchán* dúile? (9)
- Mínigh cén fáth a dtagann **laghdú** ar luachanna fhuinneamh an chéad ianúcháin ag teacht anuas an chéad ghrúpa.  
 Sainaithin an grúpa leis na luachanna is mó fuinneamh céadianúcháin. (12)
- (Féach na Táblaí Matamaitice, Ich 45.)
- (b) Sainmhínigh (i) *maisuimhir*, (ii) *iseatóp*. (12)
- Is é atá i sampla clóirín ná 75%  $^{35}_{17}\text{Cl}$  agus 25%  $^{37}_{17}\text{Cl}$ .
- (iii) Luagh líon na neodrón i **ngach** ceann den dá chineál clóirín.  
 (iv) Ríomh an mhais adamhach choibhneasta ag an sampla seo de chlóirín. (21)
9. (a) Imoibríonn gach ceann de na dúile seo a leanas le hidrigin:
- |                 |               |                |
|-----------------|---------------|----------------|
| <b>nítrigin</b> | <b>sulfar</b> | <b>clóirín</b> |
|-----------------|---------------|----------------|
- Tabhair an t-ainm agus an fhoirmle cheimiceach do **gach** táirge a dhéantar. (15)  
 Ó na táirgí seo, sainaithin (i) táirge aigéadach, (ii) táirge bunata. (6)
- Tarraing sceitse de cheann **amháin** de na táirgí agus luagh an cruth atá air, agus taispeáin suímh na n-adamh. (12)
- (b) Bain úsáid as teoiric Brønsted-Lowry, agus sainmhínigh (i) aigéad, (ii) bun.  
 Cad is brí le *haigéad láidir*? (15)
- Sainaithin **dhá** aigéad agus **dhá** bhun san imoibriú seo a leanas:



Tabhair sampla **amháin** de phéire bun-aigéad san imoibriú thuas. (18)

10. I bhFíor 10 taispeántar gaireas a úsáideadh i dtoirtmheascadh chun an tiúchan atá ag tuaslagán de hidrocsaíd sóidiam (**NaOH**) a fháil amach, trí úsáid a bhaint as tuaslagán **1.8 M** d'aigéad hidreaclórach (**HCl**).


- (i) Sainaithin na píosaí gloine lipéadaithe **A**, **B** agus **C**. (9)
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta maidir le **A** a ullmhú agus a lónadh. (9)
- (iii) Luaigh réamhchúram **amháin** nuair a thógtar léamha ó **A**. (6)
- (iv) Mínigh an fáth a gcuirtear uisce dí-ianaithe le **C** le linn an toirtmheascaetha. (6)



Fíor 10

Sroicheadh críochphointe nuair a d'imoibriugh  $20.8 \text{ cm}^3$  de thuaslagán **1.8 M** d'aigéad hidreaclórach (**HCl**) le  $25 \text{ cm}^3$  den tuaslagán de hidrocsaíd sóidiam (**NaOH**).

- (v) Ag an ‘gcríochphointe’, cad a tharlaíonn do tháscaire? (6)
- (vi) Ainmnigh táscaire oiriúnach **amháin**. (6)
- (vii) Cóipeáil agus comhlánaigh an chothromóid don imoibriú a tharlaíonn sa toirtmheascadh seo:



- (viii) Ríomh an mhólaracht ag an tuaslagán hidrocsaíd sóidiam. (9)
- (ix) Tabhair réamhchúram sábháilteachta **amháin** a ghlacfá agus an toirtmheascadh seo á chur i gcrích. (6)

11. Is ball de shraith homalógach de hidreacarbóin é eitén (eitiléin) (**C<sub>2</sub>H<sub>4</sub>**).

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)

Ainmnigh an tsraith homalógach a mbaineann eitén léi.

Ainmnigh draith homalógach **amháin** eile de hidreacarbóin.

Tarraing sceitse den fhoirmle struchtúrach atá ag eitén. (18)

I bhFíor 11 taispeántar gaireas a úsáidtear chun eitén a ullmhú, áit a maothaítear leacht **X** in olann ghloine agus a gcuirtear thar chatalaíoch téite **Y** é.

Sainaithin an leacht **X** agus an catalaíoch **Y**.

Cad é an fheidhm atá ag catalaíoch? (18)


Bailíodh samplaí de ghás eitéine.

Cad a bheatraítear nuair a thástáiltear sampla le:

- (i) birín beo?

- (ii) tuaslagán d’uisce bróimín?

Cad a insíonn na tástálacha seo duit faoi eitén? (18)




Fíor 11

12. Freagair **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas (a), (b) agus (c). Gabhann 33 marc le gach ceann díobh.

(a) Sainmhínigh *mól* de shubstaint. (6)

Déan cur síos ar an gcuma a bhíonn ar shóidiam agus ar bhróimín ag gnáth-theocht an tseomra. (9)

Imoibríonn sóidiam agus bróimín le chéile chun bróimíd sóidiam a dhéanamh mar seo a leanas:



Úsáideadh 46 g sóidiam san imoibriú seo.

Ríomh:

- (i) líon na mól sóidiam a úsáideadh;
- (ii) líon na mól bróimín a bhí ag teastáil chun imoibriú go hiomlán leis an sóidiam;
- (iii) mais na bróimíde sóidiam a táirgeadh. (18)

[Na=23; Br= 80]

(b) I bhFíor 12 taispeántar dé-ocsáid sulfair ( $\text{SO}_2$ ) á hullmhú. (12)

Ainmnigh an leacht A agus an solad B. (9)


Sainaithin an leacht C agus tabhair an úsáid a bhaintear as.

Tabhair

- (i) airí fisiceach **amháin** atá ag  $\text{SO}_2$
- (ii) airí ceimiceach **amháin** atá ag  $\text{SO}_2$

Féachtar ar  $\text{SO}_2$  mar thruailleán timpeallachta.

Ainmnigh mórfhoinse **amháin** den  $\text{SO}_2$  a scaoiltear isteach san atmaisfear. (12)



**Fíor 12**

(c) Cad is *leictrealú* ann?

Ainmnigh an t-eolaí a d'fhionn dlíthe an leictrealaithe. (12)


I bhFíor 13 taispeántar tuaslagán de shulfait chopair ( $\text{CuSO}_4$ ) ag gabháil trí leictrealú agus leictreoidí copair á n-úsáid.

Liostaigh **dhá** ian atá i láthair sa tuaslagán.

Ainmnigh na leictreoidí lipéadaithe (i) A, (ii) B.

Cén t-athrú a tharlóidh do mhais B i rith an leictrealaithe? (15)

Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as an leictrealú. (6)



**Fíor 13**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán